| An tSraith Shinsearach<br>Staidéar Foirgníochta | Meitheal Forbartha – Cruinniú 9<br>Dé Céadaoin, 15 Eanáir, 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte ón gCathaoirleach, miontuairiscí na gcruinnithe deiridh** | Rinneadh plé ar mhiontuairiscí an chruinnithe deiridh agus glacadh leo. |
| **Uasdátú measúnaithe** | Chuir an feidhmeannach cinneadh na Roinne Oideachais in iúl chun dhá Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMBanna) a chur leis an Staidéar Foirgníochta. |
| **Iniúchadh a dhéanamh ar dhá Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis sa Staidéar Foirgníochta** | Rinne an mheitheal plé agus mhol siad dhá Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis don Staidéar Foirgníochta.<br><br>I measc na bpríomhcheisteanna bhí; an t-ualach measúnaithe, measúnú ar eolas agus scileanna de chineálacha éagsúla, leis an oiread forluí is lú agus is féidir, agus an gá atá ag baint le tras-scileanna a chur chun cinn.<br><br>Is iad na Comhpháirteanna Measúnaithe sa Bhreis a moladh ná:<br>CMB 1 - tionscadal bunaithe ar threoir théamach.<br>CMB 2 - léiriú scileanna.<br><br>Chomh maith leis seo, phléigh an mheitheal teidil fhéideartha, amlínte, agus ualú na gComhpháirteanna Measúnaithe sa Bhreis. |
| **Tascanna Foghlama Feidhmí** | Mhol na baill go mbeadh seans ann go gcuirfeadh sé ualach iomarcach ar an scoláire dá n-éileodh air tabhairt faoi thascanna foghlama feidhmí chomh maith leis an dá Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis sa Staidéar Foirgníochta. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile:** an 27 Eanáir 2025 |